

# PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA FORBARTHA 5 BLIANA D'IORRAS AITHNEACH

Eanáir 2019



Tá 'Plean Gníomhaíochta  
Forbartha 5 Bliana d'Iorras Aithneach'  
réitithe ag Pobal Iorras Aithneach  
i gcomhar le húdarás na Gaeltachta



Údarás na Gaeltachta



## 1. LÉARGAS AR AN GCEANTAR FEIDHME

Is ceantar tuaithe Gaeltachta é Iorras Aithneach atá lonnaithe i gConamara. Is leithinis é Iorras Aithneach atá timpeallaithe ag Cuan Chill Chiaráin agus Cuan na Beirtrí Buí, le Carna agus na bailte fearainn mórtimpeall san áireamh. Faoi chaibidil sa tuairisc seo tá ceantar Iorras Aithneach soir chomh fada le ceantar Ros Muc agus Chamais.


Toghroinn	Daonáireamh 2011	Daonáireamh 2016
Cill Chuimín	162	149
Camas	358	316
An Turlach	545	548
Abhainn Ghabhla	301	261
Scainnimh	684	612
Carna(Cnoc Buí)	853	810
Cloch na Rón – cuid de.	243	241
<b>Daonra ina iomláine</b>	<b>3146</b>	<b>2937</b>
<b>% athrú</b>		<b>-6.64%</b>

### 1.1 Daonra:

De réir Dhaonáireamh 2016, tá 738 teaghlach sna toghranna thuasluaite agus áiríodh cuid de na toghranna seo mar cheantair faoi mhíbhuntáiste de réir mapáí taighde na háisíneachta Pobal.

### 1.2 Fostaíocht sa gceantar:

Léirítear i dTorthaí Achoimrithe Dhaonáireamh 2016 agus i dtuarascáil na Príomh-Oifige Staidrimh (06-2017), go bhfuil Scainnimh liostaithe mar cheantar ard dífhostaíochta le ráta dífhostaíochta de 34.3%, áit a bhfeictear go raibh meánráta dífhostaíochta Chontae na Gaillimhe ag 11.7% agus an figiúr sin ag laghdú go seasta go 5.1% go náisiúnta (Trading Economics 2018.)



Líon Fostaithe le tacaíocht ó Údarás na Gaeltachta (2016)

Tá cuid mhaith daoine ag obair san earnáil seirbhísí, mar shampla sa réimse cúram sláinte, oideachais agus fáilteachais. Tá riar daoine fostaithe i dtionscal na feirmeoireacht éisc, próiseála éisc agus feamainne. Bíonn roinnt daoine sa gceantar ag plé le turasóireacht agus i rith an tsamhraidh cuireann scoláirí Gaeilge deiseanna eile ioncaim ar fáil do mhuintir na háite. Seachas na foinsí fostaíochta thuasluaite, is é an leas shóisialach an foinsé ioncaim do go

leor daoine i gceantar Iorras Aithneach, agus bíonn cuid eile in ann ioncam breise a ghiniúint ó ghníomhaíochtaí iascaireachta agus feirmeoireachta.

### 1.3 Seirbhísí Oideachais:

Scoil Bhriocáin	An Gort Mór, Ros Muc	Bunscoil
Scoil Náisiúnta Naomh Ciarán	Cill Chiaráin	Bunscoil
Scoil na Maighdine Muire gan Smál	Camas	Bunscoil
Scoil Náisiúnta Mhuire	An Turlach Beag, Ros Muc	Bunscoil
Scoil Náisiúnta na hAirde Móire	An Aird Mhóir, Cill Chiaráin	Bunscoil
Scoil na hAirde Thiar	An Aird Thiar, Carna	Bunscoil
Scoil Cholmáin	Maínis, Carna	Bunscoil
Scoil Mhuire	Carna	Bunscoil
Scoil Phobail Mhic Dara	Carna	Dara Leibhéal
Coláiste na bPíarsach	Ros Muc	Dara Leibhéal

## 1.4 Oideachas Tríú Leibhéal:

### Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge (Carna), Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

Tá Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge forbartha ag OÉ Gaillimh i gCarna ón mbliain 1998. Tá sé mar ráiteas misin ag an Acadamh an Ghaeilge agus an cultúr dúchasach a chothú agus a chur chun cinn ar bhonn gníomhach trí thionscnamh oideachasúla, chultúrtha agus forbartha pobail. I dtreo an ráiteas mhisin seo tá réimse leathan de chlár ollscoile á chur ar fáil ag leibhéal éagsúla. Chomh maith leis sin tá ré dhigiteach fite fuaite in obair an ionaid agus tá stórchiste de chartlainne á ndigitiú san ionad ar mhaithe le hacmhainní taighde agus foghlama comhaimseartha a chur ar fáil. Tá dlúthcheangal ag an ionad leis an bpobal áitiúil mar a léirítear go minic, mar shampla, i gcur chun cinn ócáidí a bhaineann leis an healaíona dúchasacha.



## 1.5 Aosoideachas:

### An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas – VTOS Ros Muc

Tá ionad aosoideachais ag Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin i Ros Muc agus cuirtear réimse cúrsaí ar fáil ann. Tá na cúrsaí oiliúna dírithe ar dhaoine dífhostaithe agus tá siad maoinithe ag an Roinn Oideachais agus Scileanna. Aidhm na scéime ná oiliúint a chur ar dhaoine chun go mbeidh níos mó deiseanna fostaíochta acu.

## 1.6 Coláistí Gaeilge:

Tagann thart ar dhá mhíle foghlaimeoir Gaeilge chuig an gceantar gach bliain agus fanann siad go háitiúil, rud a chuireann go mór leis an eacnamaíocht.

Coláiste Gaeilge	Ceantar Feidhme
Coláiste na bhFiann	Ros Muc
Coláiste Chamuis	Camas
Spleodar	Ros Muc & Camas
Coláiste Sheosaimh	Cill Chiaráin & Carna

Bíonn na gnóthaí ag brath go mór ar lucht foghlama na Gaeilge - mná tí ag tógáil scoláirí agus na seirbhísí áitiúla ag brath ar thuismitheoirí na scoláirí chun am a chaitheamh sa gceantar agus na háiseanna a úsáid thart timpeall orthu.

Bíonn scoláirí ó Choláiste/Chúrsa Hibernia ag teacht chun an Ghaeilge a fhoghlaim chomh maith agus arís bíonn na daoine áitiúla ag cur lóistín agus seirbhísí ar fáil dóibh. Is é Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge a bhíonn ag riaradh an chúrsa Hibernia sa gceantar.

## 1.7 Seirbhísí Sláinte agus Cúraim:

Tá triúr dochtúirí ag obair go lánaimseartha in Iorras Aithneach, beirt i gCarna agus duine i Ros Muc, agus tá trí ionad sláinte sa gceantar freisin, i gCarna, Cill Chiaráin agus Ros Muc. Tá teach altránais le 45 leaba lonnaithe i gCarna agus cuirtear seirbhís leathan ar fáil ansin don aosach. Tá cógaslann lonnaithe i sráidbhaile Charna.

## 1.8 Cúram Leanaí:

Cuireann Ionad Cúram Leanaí Charna seirbhísí naíolainne, naíonra, iarscoile agus grúpaí spraoi ar fáil san ionad atá lonnaithe i Roisín na Mainiach. Is é Comhar Naíonraí na Gaeltachta atá ag bainistiú an ionaid ar son FCL Teo. Tá seirbhís naíonra á chur ar fáil i gCill Chiaráin, Ros Muc agus sa Sraith Salach.

## 2. Réimse Feidhme Údarás na Gaeltachta

### 2.1 Plean Straitéiseach Údarás na Gaeltachta 2018 - 2020

Tháinig Plean Straitéiseach Údarás na Gaeltachta 2018 – 2020 i bhfeidhm ag tús na bliana 2018. Nuálaíocht & fiontraíocht agus an Ghaeilge na príomh théamaí uileghabhálach a chuimsíonn an phlean. Leagan an Plean Straitéiseach amach cur chuige na heagraíochta chun pobal agus geilleagar fuinniúil, rathúil, inbhuanaithe Gaeltachta a fhorbairt, agus trí sin, áit na Gaeilge mar príomhtheanga phobal na Gaeltachta a chinntiú. Tá beartais an phlean gníomhaíochta seo ag teacht le haidhmeanna agus spriocanna an Phlean Straitéiseach sin.



### 2.2 Pleanáil Teanga

Tá Conamara Láir aitheanta mar cheann de na 26 limistéar pleanála teanga atá sainithe ar fud na Gaeltachta faoi Acht na Gaeltachta 2012. D'fhorbair Coiste Stiúrtha Pleanála Teanga Chonamara Láir plean teanga i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta agus a cheadaigh an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta ina dhiaidh sin. Ceadaíodh maoiniú de €150,000 don phlean chomh maith le cead beirt a fhostú chun an plean a chur i bhfeidhm. Tá an plean teanga-bhunaithe go príomha ar fhéidearthachtaí agus riachtanais an cheantair agus beidh ceangal láidir ag aithmeanna agus cuspóirí an phlean teanga leis na moltaí atá leagtha amach don cheantar feidhme sa bplean seo.

### 2.3 Plean Gníomhaíochta 2018-2022 na Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030

Tá raon moltaí sa Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030, atá sainitheanta mar bhunchloch pholasaí an Rialtais i leith na Gaeilge, a bhaineann leis an naoi réimse seo a leanas: oideachas; an Ghaeltacht; an teaghlach ag cur an teanga ar aghaidh; riarachán; seirbhísí agus sobal; na meáin/teicneolaíocht; foclóirí; reachtaíocht agus stádas; saol eacnamaíochta agus tionscnaimh leathana. Is í an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta (RCOG) atá freagrach as cur i bhfeidhm na Straitéise a chomhordú agus d'fhoilsigh Plean Gníomhaíochta 2018-2022 ina leagtar amach raon gníomhaíochtaí aontaithe a chuirfear i bhfeidhm chun tacú le feidhmiú na Straitéise 20 bliain don Ghaeilge. Tá cuid mhaith de spriocanna Údarás na Gaeltachta luaite sa bPlean Gníomhaíochta agus tagann moltaí an phlean seo d'Iorras Aithneach le prionsabail na ngníomhaíochtaí atá luaite i bplean na Roinne.

### 2.4 Forbairt Pobail

#### 2.4.1 Forbairt Chonamara Láir Teo.

Is é Forbairt Chonamara Láir Teo. an eagraíocht pobalbhunaithe atá aitheanta ag Údarás na Gaeltachta mar eagrais forbartha pobail áitiúil chun seirbhísí forbartha pobail a chur ar fáil i gConamara Láir. Cuireann an tÚdarás deontas reáchtála bliantúil agus tacaíocht ar fáil do FCL Teo. Cuireann FCL Teo. clár leathan seirbhísí i bhfeidhm a chlúdaíonn gníomhaíochtaí forbartha pobail, bainistiú scéimeanna/tionscnaimh agus caomhnú agus neartú na Gaeilge agus an chultúir Ghaelaigh. Aontaítear plean oibre bliantúil leis an Údarás le spriocanna éagsúla agus tá sé seo mar chuid den chomhaontú maoinithe.

#### 2.4.2 Scéimeanna Fostaíochta Sóisialta

Déanann Údarás na Gaeltachta bainistiú agus riarachán ar an Scéim Fostaíochta Pobail, an Scéim Shóisialta Tuaithe, Tús agus Tús Nua agus tá ról tábhachtach ag na scéimeanna seo i soláthar taithí oibre agus oiliúna do phobail Ghaeltachta. Tá na scéimeanna seo maoinithe ag An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí.

Ag deireadh 2018 bhí 33 fostaí sa gceantar ar Scéim Fostaíochta Pobail, 22 rannpháirtí ar an Scéim Shóisialta Tuaithe agus 11 rannpháirtí ar an scéim TÚS. Sé sin 66 rannpháirtí san iomlán, araon le triúr saoi.

Tá rannpháirtithe i mbun oibre ar thionscnaimh forbartha pobail éagsúla ar fud an cheantar. Seo a leanas cuid den obair atá ar siúl:

- Obair chothabhála ag na páirceanna peile sa gceantar agus an páirc spraoi
- Glanadh/cothabháil reiligi, trána, séipéil, scoileanna
- Cúram don aosach
- Obair leis an óige
- Obair airíoch ag hallaí/ionaid pobail
- Obair timpeallachta
- Obair oifige/riaracháin

#### 2.4.3 Scéim Fiontair Pobail

Cuireann an tÚdarás maoiniú ar fáil tríd an Scéim Fiontair Pobail do choistí pobail chun cuidiú leo gníomhaíochtaí forbartha pobail a chur chun cinn. Tá maoiniú curtha ar fáil faoin scéim seo do roinnt coistí ón gceantar le blianta anuas. Tacaíonn an scéim le forbairt scileanna pleanála agus bainistíochta na gcoistí, forbairt áiseanna agus seirbhísí áitiúla agus forbairt na Gaeilge mar theanga pobail.

#### 2.4.4 Ealaín na Gaeltachta

Tá Straitéis Forbartha na nEalaíon sa Ghaeltacht 2018-2022, foilsithe ag Ealaín na Gaeltachta Teo. agus plean oibre á chur i bhfeidhm leis na healaíona a chothú ar fud na Gaeltachta.

## Páirc na Mara

Is tionscadal straitéiseach é Páirc na Mara, páirc nuálaíochta muirí íseal-charbóin nua-aimseartha atá le forbairt ar Thalamh Churraoin i gCill Chiaráin, ní hamháin do cheantar Iorras Aithneach ach d'earnáil na mara go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. I gcomhairle le páirtithe straitéiseacha (Aguisín 2), tá obair suntasach curtha i gcrích



chun mór iarratas pleanála a chur le chéile don Pháirc.

Táthar ag súil go mbeidh an t-iarratas sin réidh roimh lár 2019 ag brath ar thoradh na measúnaithe tionchair timpeallachta atá ar siúl faoi láthair. Tá an togra straitéiseach seo lárnach do Phlean Straitéiseach Údarás na Gaeltachta 2018-2020 agus tá luaite i bpolasaithe náisiúnta eile ar nós:

- Action Plan for Jobs (APJ),
- An Plean Gníomhaíochta um Fhorbairt Tuaithe,
- Saibhreas Ár Aigéin,
- Polasaí Náisiúnta Bith Eacnamaíochta,
- Creat Náisiúnta Pleanála,
- Straitéis Spásúil Eacnamaíoch Réigiúnach

### 3. Plean Gníomhaíochta Forbartha 5 Bliana

#### 3.1 Cúlra

Tá Plean Gníomhaíochta Forbartha 5 bliana d'Iorras Aithneach ullmhaithe ag pobal Iorras Aithneach i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta. Tá an plean curtha le chéile i bpáirtnéireacht leis na coistí áitiúla agus an pobal sa gceantar, le hionchur ó eagrais Stáit agus eagrais forbartha éagsúla. D'fhostaigh Údarás na Gaeltachta an t-áisiitheoir, Gearóid De Faoite, chun áisiitheoireacht a dhéanamh ar chomhordú agus bailiú smaointe agus mianta an phobail don phlean gníomhaíochta seo dá gceantar. Tá an plean seo ag tógáil ar phlean inmheánach reatha an Údaráis do cheantar Chonamara Láir.

#### 3.2 Feidhmiú agus Acmhainní

Is é Údarás na Gaeltachta a bheidh ag glacadh freagrachta as comhordú agus feidhmiú chur i bhfeidhm an Phlean Gníomhaíochta. Chuige sin, tá Oifigeach Tionscnaimh earcaithe chun comhordú a dhéanamh ar fheidhmiú an phlean gníomhaíochta agus chun oibriú lámh ar lámh leis an bpobal agus le coistí pobail an cheantair. Déanfaidh Údarás na Gaeltachta gach iarracht a chinntiú go bhfuil acmhainní ar fáil chun an plean a chur i bhfeidhm ar bhealach éifeachtach a thabharfaidh gach seans chun na gníomhaíochtaí agus na tionscnaimh éagsúla atá liostáilte anseo istigh a chur i gcrích.

Beifear ag súil gur féidir na tionscnaimh éagsúla atá luaite sa phlean gníomhaíochta a airgeadú trí iarratais cuí ar mhaoiniú ón bpobal ar fhoinsí ábhartha éagsúla, ina measc cistí Údarás na Gaeltachta, An Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta, Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin, Fáilte Éireann, Comhairle Chontae na Gaillimhe, Forum Connemara (LEADER), BIM (FLAGS/eile), OÉ Gaillimh, agus an earnáil phríobháideach deréir mar atá sé oiriúnach. Beidh iarratais á réiteach ar mhaoiniú bunaithe ar thograí agus tionscnaimh sonracha.

#### 3.3 Fostaíocht

Ceann de na gnéithe is tábhachtaí den phlean ná go mbeifear ag iarraidh fostaíocht lánaimseartha, páirtaimseartha agus séasúrach a chruthú ag eirí as na gníomhaíochtaí atá sonraithe sa phlean seo. Déanfar chuile iarracht gnóthaí reatha atá ag fáil tacaíocht ó Údarás na Gaeltachta a bhuanú agus a fhorbairt agus freisin, gnóthaí nua in earnálacha éagsúla a mhealladh chuig an gceantar.

Is é Páirc na Mara an phríomh fhoinsé fostaíochta atá sa phlean agus táthar ag tabhairt faoi na céimeanna ábhartha chun an tionscnamh straitéiseach seo a chur chun cinn agus na tograí sonracha a bhaineann leis an mórthógra a chur i gcrích. Aithnítear sa phlean go bhfuil tábhacht chomh maith le deiseanna a thapú chun fostaíocht a chruthú i réimsí eile forbartha ó thaobh acmhainní na háite agus ó thaobh fiontraíocht agus nuálaíocht a chur chun cinn.

Tá sé deacair spriocanna fostaíochta a leagan síos i gceantar ar bith mar go mbraitheann cruthú fostaíochta ar go leor ceisteanna, ceadanna agus cúinsí éagsúla. Á thógáil seo san áireamh, tá sprioc uailmhianach fostaíochta do 150 post nua measta don cheantar le linn thréimhse an phlean.

Bliain	Sprioc fostaíochta
Bliain 1	20
Bliain 2	25
Bliain 3	30
Bliain 4	35
Bliain 5	40
Iomlán :	150

#### 3.4 Amlíne na nGníomhaíochtaí sa Phlean seo

Tá sé i gceist go mbeadh gnéithe den phlean seo á gcur i bhfeidhm thar thréimhse 5 bliana, ag brath ar chúinsí agus riachtanais (m.sh: pleanáil) a bhaineann le gníomhaíochtaí ar leith.

Chuige sin tá eochair á úsáid sa phlean a léiríonn na gníomhaíochtaí gearrthéarmach, meán théarmach nó fadtéarmach atá i gceist.

- Gearrthéarmach (GT)** – Mar sprioc go mbeidh an gníomh curtha i bhfeidhm laistigh de bhliain ón am ar seoladh an plean.
- Meánthéarmach (MT)** – Mar sprioc go mbeidh an gníomh curtha i bhfeidhm laistigh de 3 bliana.
- Fadtéarmach (FT)** – Mar sprioc go mbeidh an gníomh curtha i bhfeidhm laistigh de 5 bliana.

### 3.5 Coiste Feidhmithe/Comhairleach

Bunófar Coiste Feidhmithe/Comhairleach chun an plean a fheidhmiú, an dul chun cinn a bhainistiú agus chun an pobal áitiúil a choimeád ar an eolas, trí na páirtithe leasmhara a bheidh páirteach sa gcoiste. Tá sé tábhachtach go mbeifí ag obair i bpáirtnéireacht i gcur chun cinn an phlean gníomhaíochta seo agus á dhéanamh ar bhealach comhordaithe le grúpaí atá gníomhach sa gceantar. Tá sé beartaithe, mar chéim tosaigh, go mbeidh an Coiste Feidhmithe/Comhairleach déanta suas d'ionadaithe ó na coistí/eagrais seo a leanas agus go ndéanfar plé agus machnamh ar ionadaithe eile ó eagraíochtaí ábhartha a cheapadh má bhíonn gá/tairbhe leis.

- Forbairt Chonamara Láir Teo.
- Fóram do Phobal Iorras Aithneach
- Coiste Fostaíochta Charna/Chill Chiaráin
- Coiste Jabanna Iorras Aithneach
- Údarás na Gaeltachta (Bord agus Feidhmeannaigh)

Moltar go mbeidh cruinniú chuile ráithe, ar a laghad, ag an gCoiste chun dualgais a chomhroinnt agus a chomhordú, monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn agus forbairt a dhéanamh ar mholtaí éagsúla. Beifear ag tarraingt ar shaineolas eagrais páirtnéireachta éagsúla chun cuidiú le hobair an choiste seo de réir mar is gá.

### 3.6 Infreastruchtúr an Cheantair

Léirigh pobal agus coistí an cheantair go soiléir go bhfuil cúrsaí infreastruchtúr mar chuid lárnach do thodhchaí an cheantair ó thaobh obair fhorbartha de agus pobal inmharthanachta a chothú sa gceantar agus aithnítear é sin sa phlean gníomhaíochta.

Le linn an chomhairliúcháin ardaíodh ceisteanna a bhain le hinfreastruchtúr, bóithre agus leathanbhanda go háirithe agus freisin mar shampla le tithíocht, scéimeanna séarachais agus an córas uisce. Ardaíodh na nithe seo ag na cruinnithe a reáchtáladh le coistí áitiúla an cheantair a bhí eagraithe mar chuid den phróiseas chomhairliúcháin i ndruchtú an phlean seo. Aithnítear an géarghá atá le forbairt a dhéanamh ar bhonn infreastruchtúr an cheantair chun aghaidh a thabhairt ar an lagán eacnamaíochta sa cheantar. Léiríodh, mar shampla, an géarghá le hinfheistíocht shuntasach a dhéanamh i bhforbairt na mbóithre atá ag freastal ar an gceantar, siad sin an R340, R336 agus an R59. Aithníodh go bhfuil bunchloch infreastruchtúr láidir ag teastáil chun go féidir cur le deiseanna fostaíochta agus forbairt seirbhísí sa gceantar. Lena chois sin tá béim le feiceáil i moltaí an phobail ar chúrsaí pleanála agus tithíochta ó thaobh an tábhacht atá leo chun pobal seasmhach inmharthana a chothú, mar atá clúdaithe sa phlean seo.

Baineann na réimsí feidhme seo le háisíneachtaí stáit sonracha- Ranna Rialtais, Comhairle Chontae na Gaillimhe agus Uisce Éireann go príomha, agus beidh sé riachtanach d'fheidhmiú an ghné áirithe seo den phlean gníomhaíochta agus rath na moltaí ábhartha seo a bhaineann le hinfreastruchtúr go gcruthaítear teagmháil leanúnach tairbheach idir an pobal agus na háisíneachtaí seo. Chuige sin beidh Údarás na Gaeltachta, i gcomhordú chur chun cinn an phlean seo, ag díriú aird na ngeallshealbhóirí cuí ar ábhar an phlean gníomhaíochta agus ag áisiú teagmháil leanúnach a chothófar idir an pobal, lucht feidhme an phlean agus na háisíneachtaí cuí atá freagrach sna réimsí seo. Déanfar gach iarracht a chinntiú go rachaidh feidhmiú an phlean gníomhaíochta i ngleic le riachtanais an cheantair maidir le ceangal leathanbhanda, bóithre agus aon chúrsaí bunstruchtúr ábhartha eile.

Le linn an phróisis chomhairliúcháin ardaíodh roinnt ceisteanna maidir lena bhféadfaí cúnaimh breise a bheith ar fáil de bharr gur ceantar tearcfhorbartha atá i gceantar Iorras Aithneach. Mar shampla, an bhféadfaí breathnú ar leibhéal deontais níos airde a bheith ar fáil do gnóthaí fiontraíochta in Iorras Aithneach mar cheantar tearcfhorbartha. Ardaíodh ceisteanna freisin maidir le hathbheochan a dhéanamh ar dheontais tithíochta An Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta, bunaithe ar chúis na Gaeilge arís agus léiríodh míshástacht faoin gcostas rátaí arda atá ar ghnóthaí i gceantair imeallacha agus freisin ar ráta ardaíochta C.B.L. i gcás gnóthaí san earnáil turasoíreachta. Réimsí ábhair iad seo ar fad a bheidh á bhfiosrú ag an gcoiste feidhmithe/comhairleach leis na húdaráis agus Ranna Stáit cuí i gcomhthéacs cur i bhfeidhm an phlean gníomhaíochta seo.



## 4 Gníomhaíochtaí Forbartha Molta

### 4.1 Fiontraíocht

Gníomh	Páirtithe Leasmhara	Am	Ceanneagraíocht Molta
Forbairt a dhéanamh ar Pháirc na Mara mar lárionad nuálaíochta agus breisluacha d'earnáil na mara	ÚnaG / Foras na Mara / GMIT / OÉ Gaillimh / BIM / Comhairle Chontae na Gaillimhe / An Roinn Cultúir, Oidhreachta & Gaeltachta / Roinn na Mara / Teagasc / GRETB	MT FT	ÚnaG
Forbairt a dhéanamh ar Ionad Taighde & Nuálaíoch d'earnáil na mara ar shuíomh Pháirc na Mara.	ÚnaG / Foras na Mara / GMIT / OÉ Gaillimh/ BIM / Comhairle Chontae na Gaillimhe / An Roinn Cultúir, Oidhreachta & Gaeltachta / Roinn na Mara / Teagasc / GRETB	MT	ÚnaG
Measúnú Tionchar Timpeallachta agus na ceadúnais cuí eile a fháil do Pháirc na Mara.	ÚnaG / Coiste Comhairleach Pháirc na Mara	GT	ÚnaG
Cead pleanála do Pháirc na Mara a fhorbairt	ÚnaG / Coiste Comhairleach Pháirc na Mara	GT	ÚnaG
Forbairt a dhéanamh ar Ionad Tacaíochta Gnó ar shuíomh Pháirc na Mara i gCill Chiaráin d'earnáil na mara.	ÚnaG / Coiste Comhairleach Pháirc na Mara	GT	ÚnaG
Margaíocht a dhéanamh ar an gceantar mar láthair ghnó do thionscail na mara agus earnálacha forbartha eile.	ÚnaG / Coistí áitiúla	GT	ÚnaG
Forbairt a dhéanamh ar earnáil na feamainne ar bhonn inmharthanach sa gceantar	Arramara Teo. / ÚnaG	GT MT	Arramara Teo. / ÚnaG
Forbairt a dhéanamh ar thogra Fuinneamh In athnuaite Fótvóltach, ar shuíomh Pháirc na Mara – tograí píolótach a chur ar bun.	ÚnaG / Coiste Comhairleach Pháirc na Mara	GT	ÚnaG & eile.
Na féidearthachtaí a mheas maidir le córas eisilte nádúrtha a fhorbairt ar Pháirc na Mara.	ÚnaG / Coiste Comhairleach Pháirc na Mara	GT	ÚnaG
Gorlann gnó a fhorbairt ar Pháirc na Mara.	ÚnaG	MT FT	ÚnaG
Breathnú ar na deiseanna chun an Tionscail Próiseála Éisc a fhorbairt sa gceantar.	Comhlacht Próiseála Éisc / ÚnaG	GT	Comhlacht Próiseála Éisc Chill Chiaráin Teo.
Athstruchtúrú a dhéanamh ar Chomharchumann Sliogéisc Chonamara Teo.	Comharchumann Sliogéisc Chonamara Teo. / ÚnaG / Foras na Mara / OÉ Gaillimh	GT	Comharchumann Sliogéisc Chonamara Teo. / ÚnaG

<b>Plean forbartha a leagan amach d'fhorbairt na hearnála Sliogéisc sa gceantar.</b>	Comharchumann Sliogéisc Chonamara Teo. / ÚnaG / BIM / Foras na Mara / SFPA	<b>GT</b>	Comharchumann Sliogéisc Chonamara Teo. / ÚnaG
<b>Ionad a fhorbairt ag Páirc na Mara don tionscail Sliogéisc (gorlann, grádú, íonúchán, margaíocht, stóráil, oifig)</b>	ÚnaG / Comharchumann Sliogéisc Chonamara Teo. / BIM	<b>MT</b>	ÚnaG / Comharchumann Sliogéisc Chonamara Teo.
<b>Clár margaíochta a chur i bhfeidhm don tionscail sliogéisc sa gceantar.</b>	Comharchumann Sliogéisc Chonamara Teo. / ÚnaG / BIM	<b>MT</b>	Comharchumann Sliogéisc Chonamara Teo. / ÚnaG / BIM
<b>Comharthaí eolais maidir leis an hoisrí nádúrtha a chrochadh ag láithreacha straitéiseacha.</b>	Comharchumann Sliogéisc Chonamara Teo. / ÚnaG / BIM / Foras na Mara	<b>GT</b>	Comharchumann Sliogéisc Chonamara Teo.
<b>I dtaca leis an obair náisiúnta i leith Pleanáil Spás Mara, na féidearthachtaí maidir le hOifigeach a fhostú chun díriú ar phlean a chur le chéile don réigiún a mheas.</b>	ÚnaG / Foras na Mara / Roinn Thithíocht, Pleanáil agus Rialtais Áitiúil	<b>GT</b>	ÚnaG
<b>Deiseanna a aithint chun tograí fiontraíochta a mhealladh chuig spásanna saor sa gceantar</b>	ÚnaG	<b>GT</b> <b>MT</b>	ÚnaG
<b>Na féidearthachtaí a scrúdú maidir le clár athnuachan fuinnimh a chur ar fáil sa gceantar.</b>	SEAI / ÚnaG / Coistí áitiúla / Scéimeanna fostaíochta/LECO	<b>GT</b> <b>MT</b>	Coistí áitiúla
<b>Uasghrádú agus cothabháil a dhéanamh ar mhaoin ÚnaG sa gceantar.</b>	ÚnaG	<b>GT</b>	ÚnaG
<b>Forbairt a dhéanamh ar mhol digiteach ar Eastát Roisín na Mainiach, mar chuid den ghréasán gteic – Gréasán Digiteach na Gaeltachta.</b>	ÚnaG / FCL Teo.	<b>GT</b>	ÚnaG / FCL Teo.
<b>Feachtas margaíochta i leith an mhol digiteach (gteic@Carna) a chur i bhfeidhm i gcomhar le ÚnaG.</b>	ÚnaG / FCL Teo.	<b>GT</b>	FCL Teo. / ÚnaG
<b>Deiseanna a aithint agus margaíocht a dhéanamh ar an gceantar i gcóir an réimse cian-oibriú.</b>	ÚnaG / OÉ Gaillimh	<b>GT</b> <b>MT</b>	ÚnaG
<b>Scrúdú a dhéanamh ar na féidearthachtaí tograí teanga-bhunaithe a bhunú sa gceantar.</b>	FCL Teo. / An Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta / ÚnaG / Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge	<b>GT</b> <b>MT</b>	FCL Teo. / Coistí áitiúla / Coiste Stiúrtha Pleanála Teanga.
<b>Tacaíocht bainistíochta a chur ar fáil d'Ionad Cuimhneacháin na nImirceach.</b>	Coiste Ionad Cuimhneacháin na nImirceach / ÚnaG	<b>GT</b>	Coiste Ionad Cuimhneacháin na nImirceach / ÚnaG
<b>Plean míniúcháin a ullmhú agus a chur in áit d'Ionad na nImirceach.</b>	Coiste Ionad Cuimhneacháin na nImirceach / ÚnaG / An Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta	<b>GT</b>	Coiste Ionad Cuimhneacháin na nImirceach / An RCOG.
<b>Gáirdín Cuimhneacháin na nImirceach a fhorbairt le taobh an Ionaid agus é a bheith ina "Láthair Amhairc" ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin.</b>	Coiste Ionad Cuimhneacháin na nImirceach / ÚnaG / An Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta	<b>GT</b> <b>MT</b>	Coiste Ionad Cuimhneacháin na nImirceach / An RCOG

<b>Plean Teanga Chonamara Láir a chur i bhfeidhm.</b>	Coiste Pleanála Teanga / ÚnaG	<b>MT</b> <b>FT</b>	Coiste Stiúrtha Pleanála Teanga Chonamara Láir / FCL Teo.
<b>Oifigeach Pleanála Teanga &amp; Oifigeach Cúnta a fhostú chun plean teanga an cheantair a chur i bhfeidhm.</b>	ÚnaG / Coiste Pleanála Teanga / An Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta	<b>GT</b>	Coiste Stiúrtha Pleanála Teanga Chonamara Láir / FCL Teo..
<b>Tacaíocht láidir agus réadúil a chur ar fáil ar mhaithe le foilsiú leabhar bliantúil "Iorras Aithneach"</b>	ÚnaG / Coiste Pleanála Teanga / An Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta		Ciste an chórais Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge /An Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta
<b>Tacaíocht a chur ar fáil do fhiosrúcháin gnó áitiúla – seirbhís rialta a bheith ar fáil sa gceantar.</b>	ÚnaG	<b>GT</b>	ÚnaG
<b>Seirbhís níocháin agus triomú éadach a fhorbairt.</b>	Earnáil phríobháideach / Forum Connemara (LEADER) / Eagrais Áitiúla / Pobal	<b>GT</b> <b>MT</b>	Earnáil phríobháideach / Eagrais Áitiúla /Pobal
<b>Tacú le FCL Teo. ina gcuid gníomhaíochtaí mar Chomharchumann Gaeltachta áitiúil.</b>	FCL Teo. / ÚnaG	<b>GT</b>	ÚnaG / FCL Teo.
<b>Na healaíona agus deiseanna rannpháirtíochta sna healaíona a chothú don phobal.</b>	ÚnaG / An Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta / An Comhairle Ealaíon / Foras na Gaeilge / GRETB	<b>MT</b>	Ealaín na Gaeltachta
<b>Freisin, deiseanna forbartha agus fostaíochta a chothú agus a éascú d'ealaíontóirí an cheantair sna healaíona thraidisiúnta agus chomhaimseartha</b>	ÚnaG / An Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta / An Comhairle Ealaíon / Foras na Gaeilge / GRETB	<b>MT</b>	Ealaín na Gaeltachta

#### 4.2 Óige, Oilíúint agus Scileanna

Gníomh	Páirtithe Leasmhara	Am	Ceannagraíocht Molta
<b>Breathnú ar na féidearthachtaí le hOifigeach Óige a cheapadh do cheantar Iorras Aithneach le gníomh óige a chur ar siúl d'óige an cheantair.</b>	Bord Oideachais & Oilíúna na Gaillimhe & Ros Comáin / Muintearas Teo. / Óige na Gaeltachta	<b>GT</b> <b>MT</b>	Muintearas Teo. / Óige na Gaeltachta
<b>Sainchúrsaí teanga agus cultúir a fhorbairt i gcomhar leis an Acadamh agus saineolas a fháil chun tabhairt faoi staidéar agus plean gnímh a réiteach don earnáil seo.</b>	Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge / ÚnaG / An Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta / Ollscoileanna / Ionaid Cultúrtha i S.A.M. / Coistí Áitiúla	<b>GT</b> <b>MT</b>	OÉ Gaillimh
<b>Tionscnamh Eolaíochta Mara do scoileanna, atá á riaradh ag Arramara Teo / Acadian Sea Plants, a chur i bhfeidhm.</b>	Arramara Teo. / Scoileanna Dara Leibhéal	<b>GT</b> <b>MT</b>	Arramara Teo.
<b>Leanúint le seirbhísí tacaíochta spóirt agus caithimh aimsire sna scoileanna.</b>	Scéim Oilíúna Peile, Iománaíochta agus Liathróid Láimhe / Seirbhísí Spóirt Chonamara / An Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta	<b>GT</b>	Scéim Oilíúna Peile, Iománaíochta agus Liathróid Láimhe / Seirbhísí Spóirt Chonamara

<b>Forbairt a dhéanamh ar oiliúint STEM sna scoileanna.</b>	ÚnaG / An Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta	<b>GT</b> <b>MT</b>	An Roinn Cultúir, Oidhreacht & Gaeltachta / ÚnaG
<b>Forbairt a dhéanamh ar na healaíona thraidisiúnta agus chomhaimseartha i measc an aosa óig.</b>	Ealaín na Gaeltachta Teo. / ÚnaG / An Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta	<b>GT</b> <b>MT</b>	Ealaín na Gaeltachta Teo.
<b>Forbairt a dhéanamh ar sheirbhísí teanga/cultúir don teaghlach sa cheantar.</b>	Tuismitheoirí na Gaeltachta / An Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta	<b>GT</b> <b>MT</b>	Tuismitheoirí na Gaeltachta
<b>Buanú agus forbairt a dhéanamh ar na sainchúrsaí teanga agus cultúir atá ar siúl ag an Acadamh do mhic léinn ó hInstitiúidí 3ú leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta.</b>	Acadamh OÉG / Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta / ÚnaG	<b>GT</b> <b>MT</b>	Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge / OÉ Gaillimh
<b>Tionscnamh Faisnéise Mara a chur chun cinn i ranganna idirbhliana scoileanna dara leibhéal Chonamara.</b>	ÚnaG / Scoileanna Dara Leibhéal	<b>GT</b>	ÚnaG
<b>Cúrsaí oiliúna agus seisiúin/ócáidí fiontraíochta a chur ar fáil bunaithe ar riachtanais áitiúla.</b>	Coistí áitiúla / ÚnaG / gteic / GRD	<b>GT</b> <b>MT</b>	Coistí áitiúla / ÚnaG / GRD (SICAP)
<b>Na féidearthachtaí a bhaineann le Buan-ionad Táthaithe, Réamh-Phrintíseachta agus Printíseachta Gaeltachta a bhunú sa gceantar a mheas.</b>	Bord Oideachais & Oiliúna na Gaillimhe & Ros Comáin / ÚnaG / FCL Teo. / Muintearas Teo.	<b>MT</b>	Muintearas Teo. / FCL Teo.
<b>Leanacht le Cúrsa Diplóma sa gCultúr Dúchais a sholáthar agus a fhorbairt i gCarna.</b>	OÉ Gaillimh / ÚnaG	<b>GT</b>	OÉ Gaillimh
<b>Cúrsa Feamainne a chur ar fáil do bhainteoirí feamainne áitiúla (L4).</b>	ÚnaG / Bainteoirí áitiúla / GRETB	<b>GT</b>	ÚnaG / GRETB
<b>Cúrsa Muirshaothraithe a chur ar fáil sa gceantar.</b>	GRETB / OÉ Gaillimh / GMIT / ÚnaG	<b>GT</b> <b>MT</b>	GRETB / ÚnaG
<b>Cúrsaí éagsúla a réachtáil, i gcomhar leis an GRETB, bunaithe ar éileamh áitiúil, mar shampla:</b> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Cúrsa Fáilteachais (L4)</li> <li>• Bunscileanna teilifíse (L3)</li> <li>• Cúrsa Treoraí Áitiúil &amp; Réigiúnach (L6)</li> <li>• Ríomhaireacht &amp; eile.</li> <li>• Adhmadóireacht</li> <li>• Ealaín</li> <li>• Tógáil Báid</li> </ul>	Bord Oideachais & Oiliúna na Gaillimhe & Ros Comáin / ÚnaG / GRD / Earnáil phríobháideach/ Ionad Oideachais Phobal Ghlinisce/An Chaisil	<b>GT</b> <b>MT</b>	Bord Oideachais & Oiliúna na Gaillimhe & Ros Comáin
<b>Cúrsaí oiliúna d'earnáil na turasóireachta a chur ar fáil (m.sh margaíocht digiteach srl.)</b>	Cósta Gaelach Chonamara & Árann / GRETB / ÚnaG / Coistí áitiúla / GRD / Ionad Oideachais Phobal Ghlinisce/An Chaisil	<b>GT</b> <b>MT</b>	GRETB / Cósta Gaelach Chonamara & Árann
<b>Forbairt a dhéanamh ar an seimeastar Gaeltachta / Mic Léinn B.A. sa Ghaeilge le seal 14 seachtaine a chaitheamh in Ionad an Acadaimh.</b>	OÉ Gaillimh / Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge / An Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta / ÚnaG	<b>GT</b>	OÉ Gaillimh / Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge

<b>Dioplóma i bhForbairt Gréasáin (L7) Scileanna Nuatheicneolaíochta a sholáthar.</b>	OÉ Gaillimh / Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge / An Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta / ÚnaG	<b>GT</b> <b>MT</b>	OÉ Gaillimh / Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge
<b>An Dioplóma sa Ghaeilge (L7) a chur ar fáil sa gceantar.</b>	OÉ Gaillimh / Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge	<b>GT</b> <b>MT</b>	OÉ Gaillimh / Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge
<b>Forbairt a dhéanamh ar na cúrsaí faoin B.E.T.I. atá ar siúl ag Ionad Oideachais Phobal Ghlinisce/An Chaisil.</b>	Ionad Oideachais Phobal Ghlinisce/An Chaisil / Bord Oideachais & Oiliúna na Gaillimhe & Ros Comáin	<b>GT</b> <b>MT</b>	Bord Oideachais & Oiliúna na Gaillimhe & Ros Comáin

### 4.3 Turasóireacht & Oidhreacht

Gníomh	Páirtithe Leasmhara	Am	Ceanneagraíocht Molta
<b>Pleanáil chun an leas is fearr a bhaint as Slí an Atlantaigh Fhiáin don cheantar (Comharthaí, pointí eolais, srl.) Iarratas ar phointe eolais a lonnú ag Ionad Cuimhneacháin na nImlirceach.</b>	Cósta Gaelach Chonamara & Árann / Coistí áitiúla / Comhairle Chontae na Gaillimhe	<b>GT</b>	Cósta Gaelach Chonamara & Árann
<b>Branda 'Gaeltacht na hÉireann' agus Cósta Gaelach Chonamara &amp; Árann a úsáid mar bhealach chun turasóireacht a fhorbairt agus páirtíocht áitiúil a spreagadh san earnáil.</b>	Cósta Gaelach Chonamara & Árann / ÚnaG / Fáilte Éireann	<b>GT</b>	Cósta Gaelach Chonamara & Árann / ÚnaG
<b>Tionscnamh Diaspora Iorras Aithneach a chur chun cinn, mar chuid den tionscnamh 'Diaspóra na Gaeltachta.'</b>	Ionad Cuimhneacháin na nImlirceach / ÚnaG / FCL Teo. / Coistí áitiúla	<b>GT</b> <b>MT</b>	ÚnaG / Ionad Cuimhneacháin na nImlirceach / Coistí áitiúla
<b>Tionscnamh Diaspóra: Nasc foirmeálta a dhéanamh idir Iorras Aithneach agus Bostún</b>	ÚnaG / Coistí áitiúla / Méara Bhostún	<b>GT</b>	ÚnaG
<b>Ceangal a dhéanamh idir Diaspóra Chonamara agus Ionad Cuimhneacháin na nImlirceach, áit a bhfuil gréasán leathan ambasadóir agus teagmhálacha bunaithe cheana ar fud Stáit Aontaithe Mheiriceá agus i Boston agus Massachusetts.</b>	ÚnaG / An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála / Coistí áitiúla/Méara Bhostún/Ionad Cuimhneachán na nImlirceach.	<b>GT</b>	ÚnaG / Coiste Ionad Cuimhneacháin na nImlirceach
<b>Ionad Chuimhneacháin na nImlirceach a fhorbairt mar áis turasóireachta &amp; pobail. An Togra Míniúcháin a fhorbairt.</b>	ÚnaG / Fáilte Éireann / LEADER / An Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta	<b>GT</b> <b>MT</b>	Coiste Bainistíochta Ionad Chuimhneacháin na nImlirceach
<b>Forbairt ar ghníomhaíochtaí turasóireachta bunaithe ar sheandálaíocht agus dúchas na háite. Forbairt ar thurasóireacht bunaithe ar an timpeallacht nádúrtha.</b>	Grúpa Seandálaíochta Iorras Aithneach / Coistí áitiúla / ÚnaG / Forum Connemara	<b>GT</b> <b>MT</b>	Grúpa Seandálaíochta Iorras Aithneach / Coistí Áitiúla
<b>Féidearthachtaí a mheas maidir le Sean Teach Gorta/Teach Baile Chonamara a fhorbairt chun traidisiúin dúchasach a léiriú.</b>	Grúpa Seandálaíochta Iorras Aithneach / Coistí áitiúla / Fáilte Ireland / Forum Connemara	<b>MT</b>	Grúpa Seandálaíochta Iorras Aithneach

<b>Gairdín Cuimhneacháin na nImirceach a fhorbairt.</b>	Forum Connemara / ÚnaG / Coiste Ionad Cuimhneacháin na nImirceach / An Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta.	<b>GT</b> <b>MT</b>	Coiste Ionad Cuimhneacháin na nImirceach
<b>Forbairt a dhéanamh ar fhéilte bunaithe ar acmhainní, oidhreacht agus ealaín na háite.</b>	Coistí áitiúla / Cósta Gaelach Chonamara & Árann / ÚnaG / Ealaín na Gaeltachta / Comhairle Chontae na Gaillimhe / FLAGS (BIM) & Forum Connemara	<b>GT</b> <b>MT</b>	Coistí áitiúla
<b>Siúlóidí a fhorbairt mar acmhainn thurasóireachta.</b>	Forum Connemara / Clár Áineasa Tuaithe / Fáilte Éireann / Coistí áitiúla / Comhairle Chontae na Gaillimhe, FLAGS (BIM) / Club Spaisteoireachta Iorras Aithneach	<b>GT</b> <b>MT</b>	Forum Connemara / Coistí áitiúla
<b>Féile Farraise/Bia Farraise a bhunú agus a fhorbairt sa gceantar</b>	Coistí áitiúla / Comharchumann Sliogéisc Chonamara / BIM / Foras na Mara / Fáilte Éireann / ÚnaG	<b>GT</b> <b>MT</b>	Coistí áitiúla
<b>Cosán Bia a fhorbairt do thurasóirí</b>	Cósta Gaelach Chonamara & Árann / ÚnaG / Gnóthaí áitiúla.	<b>GT</b>	Cósta Gaelach Chonamara & Árann
<b>“Láthair Amhairc” agus painéil míniúchán a fhorbairt ag láithreacha straitéiseacha. (Ionad &amp; Gairdín Cuimhneachán na nImirceach agus eile)</b>	Cósta Gaelach Chonamara & Áranna / Fáilte Éireann / Comhairle Chontae na Gaillimhe / ÚnaG.	<b>GT</b> <b>MT</b>	Cósta Gaelach Chonamara & Árann / Comhairle Chontae na Gaillimhe / ÚnaG
<b>Staidéar a dhéanamh ar na féidearthachtaí maidir le stádas an Bhrait Ghlais a bhaint amach do thránna sa gceantar.</b>	Cósta Gaelach Chonamara & Árann / Coistí áitiúla / Comhairle Chontae na Gaillimhe	<b>GT</b> <b>MT</b>	Cósta Gaelach Chonamara & Árann / Co. Cho. na Gaillimhe / Coistí áitiúla
<b>Féidearthachtaí a mheas maidir le hathbhunú seó bliantúil Chapailíní Chonamara.</b>	Coistí áitiúla / Cumann Lucht Capailíní Chonamara	<b>MT</b>	Coistí áitiúla
<b>Seirbhís rothair ar cíos a chur ar fáil go háitiúil.</b>	Earnáil príobháideach / LEADER	<b>GT</b> <b>MT</b>	Earnáil príobháideach
<b>Na féidearthachtaí a mheas maidir le suíomh campála “Aire de Service” a fhorbairt sa gceantar.</b>	Earnáil príobháideach / Forum Connemara / Coistí áitiúla / FCL Teo. / Co. Cho. na Gaillimhe	<b>GT</b> <b>MT</b>	Earnáil príobháideach / Coistí áitiúla / FCL Teo.
<b>Forbairt agus margaíocht a dhéanamh ar Choláistí Gaeilge an cheantair le béim ar nuálaíocht agus deiseanna eile do mhná tí.</b>	An Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta / Coláistí Gaeilge an cheantair.	<b>GT</b> <b>MT</b>	An Roinn Cultúir, Oidhreacht & Gaeltachta / CONCOS / Coláistí Gaeilge
<b>Staidéar a dhéanamh ar na féidearthachtaí maidir le Marina agus saoráidí mara a fhorbairt i gcuan Chill Chiaráin.</b>	BIM (FLAGS) / ÚnaG / Comhairle Chontae na Gaillimhe / Forum Connemara / Fáilte Ireland / REDZ	<b>MT</b>	ÚnaG / Comhairle Chontae na Gaillimhe / Coistí áitiúla
<b>Taighde a dhéanamh ar luach tionscail na turasóireachta sa gceantar mar thairbhe d'inmharthanacht mórfhorbairtí turasóireachta sa gceantar.</b>	FCL Teo. / OÉ Gaillimh / Fáilte Ireland / CAITN / Forum Connemara / FLAGS (BIM)	<b>MT</b>	FCL Teo. / OÉ Gaillimh / Cósta Gaelach Chonamara & Árann
<b>Na féidearthachtaí iomlán a mheas maidir le turasóireacht chultúrtha, oideachasúil &amp; teanga-bhunaithe a chur chun cinn sa gceantar agus straitéis margaíochta a leagan amach.</b>	Coiste Ionad Cuimhneacháin na nImirceach / OÉ Gaillimh / ÚnaG	<b>MT</b>	OÉ Gaillimh / Cósta Gaelach Chonamara & Árann

Na féidearthachtaí a mheas maidir le Clochar na Trócaire a fhorbairt mar lárionad do Léann na hÉireann agus do Shaíocht na Gaeltachta. Béim ar leith ar thraidisiún uathúil sean-nóis (amhráin agus damhsa) agus béaloidis an limistéir.

OÉ Gaillimh / An Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta / ÚnaG

MT

OÉ Gaillimh

#### 4.4 Áiseanna/Seirbhísí & Infreastruchtúr

Gníomh	Páirtithe Leasmhara	Am	Ceanneagraíocht Molta
Comharthaí le hainmneacha bailte áitiúla a chrochadh ar fud an cheantair.	ÚnaG / LEADER / Coistí pobail / Co. Cho. na Gaillimhe / FCL Teo.	GT MT	Coistí pobail / ÚnaG / FCL Teo.
Staidéar a dhéanamh ar na féidearthachtaí maidir le hionad spóirt/caithimh aimsire faoi dhion a fhorbairt sa gceantar.	An Roinn Iompair, Turasóireacht & Spóirt / An Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta / Scoileanna áitiúla / Coistí áitiúla / Clubanna Spóirt áitiúla	GT MT	Coiste áitiúil
Seirbhís leathanbhanda ardluais d'ardchaighdeán a chur ar fáil sa gceantar.	EIR / Coistí áitiúla / ÚnaG	GT MT	Coistí áitiúla / ÚnaG
Bóithre sa gceantar a fheabhsú trí fhorbairt a dhéanamh ar N59, R336 agus R340.	Comhairle Chontae na Gaillimhe / Coistí áitiúla / ÚnaG	GT MT	Comhairle Chontae na Gaillimhe
Forbairt ar seirbhísí iompar poiblí go Casla agus Gaillimh.	Bus Éireann / BEALACH (Local Link) / Coistí áitiúla	GT MT	BEALACH (Local Link) / Coistí áitiúla
Ceangal a fheabhsú leis an mbaile seirbhíse Gaeltachta (An Clochán).	Coistí áitiúla / BEALACH	GT MT	BEALACH (RTI) / Coistí áitiúla
Na féidearthachtaí a mheas maidir le seirbhís Béilí ar Rothaí a chur in áit.	Teach Altranais Charna / Tearmann Éanna / Feidhmeannach na Seirbhísí Sláinte	GT	Teach Altranais Charna
Leataobh páirceála a fhorbairt ag láithreacha straitéiseacha i gcóir busanna/carranna turasóireachta/an pobal.	Coistí áitiúla / Comhairle Chontae na Gaillimhe / ÚnaG	GT MT	Comhairle Chontae na Gaillimhe / Coistí áitiúla
Cosán coise ó Chill Chiaráin go dtí Páirc na Mara.	LEADER / Comhairle Chontae na Gaillimhe	GT MT	Comhairle Chontae na Gaillimhe / Coistí áitiúla
Forbairt a dhéanamh ar áis don óige sa gceantar.	Coistí áitiúla / FCL Teo. / Óige na Gaeltachta	GT MT	FCL Teo. / Óige na Gaeltachta
Saoráidí/áiseanna bruscair a fheabhsú sa gceantar.	Coistí áitiúla / scéimeanna fostaíochta pobail / Comhairle Chontae na Gaillimhe	GT MT	Co. Cho. na Gaillimhe / FCL Teo. / Coistí áitiúla
Breathnú ar na féidearthachtaí le leabharlann a bhunú.	Coiste Cuimhneachán na nImirceach / Comhairle Chontae na Gaillimhe	GT	Comhairle Chontae na Gaillimhe / Coistí áitiúla

<b>Fógraí eolais ag léiriú na seirbhísí atá ar fáil sna bailte a chrochadh agus comharthaí treoir i leith áiteanna suimiúla a chrochadh.</b>	ÚnaG / Fáilte Éireann / Comhairle Chomhairle na Gaillimhe	<b>GT</b> <b>MT</b>	ÚnaG / FCL Teo. / Coistí áitiúla
<b>Na féidearthachtaí a mheas maidir le láthair héileapad a fhorbairt sa gceantar.</b>	Coistí áitiúla / ÚnaG / Comhairle Chontae na Gaillimhe	<b>MT</b>	Coistí áitiúla
<b>Ionad Séarachais a fhorbairt i gCarna / Cill Chiaráin.</b>	Uisce Éireann / Comhairle Chontae na Gaillimhe / Coistí áitiúla	<b>MT</b> <b>FT</b>	Uisce Éireann
<b>Caighdeán an tseirbhís uisce a fheabhsú sa gceantar agus forbairt a dhéanamh ar an bhfoinse uisce.</b>	Comhairle Chontae na Gaillimhe / Uisce Éireann / Coistí áitiúla	<b>MT</b>	Uisce Éireann
<b>Acmhainní a chur ar fáil do na scéimeanna fostaíochta sóisialta chun tabhairt faoi thionscnaimh shóisialta, srl.</b>	Scéimeanna fostaíochta sóisialta / ÚnaG / Coistí áitiúla / FCL Teo.	<b>GT</b> <b>MT</b>	FCL Teo. / Coistí áitiúla
<b>Seomraí feistis a thógáil ag suíomh an Pháirc uile-aimsire.</b>	An Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta / ÚnaG / CLG Carna-Caiseal	<b>GT</b> <b>MT</b>	CLG Carna-Caiseal
<b>Cosáin siúil a fhorbairt/a fheabhsú sa cheantar.</b>	Comhairle Chontae na Gaillimhe / Coistí Áitiúla / Scéimeanna Fostaíochta Pobail	<b>GT</b> <b>MT</b> <b>FT</b>	Comhairle Chontae na Gaillimhe.

#### 4.5 Tithíocht

Tithíocht	Páirtithe Leasmhara	Am	Ceanneagraíocht Molta
<b>Go mbreathnófar go fabhrach ar iarratais ar chead pleanála ó dhaoine atá ag iarraidh lonnú sa gceantar.</b>	An Roinn Cultúr, Oidhreacht agus Gaeltachta / ÚnaG / Comhairle Chontae na Gaillimhe.	<b>GT</b> <b>MT</b>	Comhairle Chontae na Gaillimhe.
<b>Cead a bheith ar fáil tithe/scéimeanna inacmhainneach agus sóisialta a fhorbairt sa cheantar. Tithíocht a thógáil sa cheantar.</b>	An Roinn Cultúr, Oidhreacht agus Gaeltachta / ÚnaG / Comhairleoirí Contae áitiúla / Comhairle Chontae na Gaillimhe / Coistí áitiúil.	<b>GT</b> <b>MT</b>	Comhairle Chontae na Gaillimhe.
<b>Suíomhanna a aimsiú i gcóir tithíocht shóisialta/inacmhainne.</b>	Coistí áitiúla / Comhairle Chontae na Gaillimhe / ÚnaG	<b>GT</b> <b>MT</b>	Comhairle Chontae na Gaillimhe / Coistí áitiúil



**AGUISÍN 1****Maoin an Údaráis**

Ionad	Tionóntaí
<b>Teach Charna</b>	
Teach Charna 1B	C.Creidmheasa an Chaisil
Teach Charna 1A, 1C, 1D, 1E	FCL Teo.
<b>Eastát Charna</b>	
Carna 1	An Comhlacht Miotalra Teo.
Carna 4	S.L.R. Consultants
Carna 5A	FCL Teo.
Carna 5B	BEALACH (Iompar Tuaithe)
Carna 5C	Europus Teo.
Carna 5D	Bord Iascaigh Mhara
Carna 5E&F (GTEIC)	gteic ÚnaG
Carna 7	Ollscoil na hÉireann Gaillimh
Suíomh 1.074 acra	FCL Teo.
<b>Eastát Chill Chiaráin</b>	
Cill Chiaráin 2A	Cill Chiaráin Éisc Teo.
Cill Chiaráin 2B	ISPG Teo.
Cill Chiaráin 1	Cill Chiaráin Éisc Teo.
Córas Eisilte Cill Chiaráin Éisc	Cill Chiaráin Éisc Teo.
Córas Laghdú Boladh	Cill Chiaráin Éisc Teo.
<b>Páirc Gnó Chill Chiaráin</b>	
Suíomh Páirc Spraoi	Coiste Pháirc Spraoi I.A.
Suíomh Páirc Peile 2	Coiste Páirc Chill Chiaráin Teo.
<b>Coill Sáile</b>	
Foirgneamh 1	Island Seaweed
<b>Ionad Fiontraíochta Ros Muc</b>	
Aonad 1 G	Comhar Naíonraí na Gaeltachta
Aonad 1 K	Galway Citizen Information
Aonaid 1D&M	Galway Rural Development
<b>Eastát Ros Muc</b>	
Ros Muc 1	Long Life Structures Ltd.

Maoin atá saor	Achar
<b>Ionad Fiontraíochta Ros Muc: Aonad 1A, 1B, 1C, 1E, 1F, 1H</b>	196 mr.cr
<b>Eastát Ros Muc: Ros Muc 2</b>	842 mr.cr
<b>Carna 2 (Iar Carna Lighting)</b>	577 mr.cr
<b>Talamh Charna</b>	1.50 acra
<b>Talamh Choill Sáile</b>	1.04 acra
<b>Talamh Eastát Charna</b>	15.24 acra

## AGUISÍN 2

### **Coiste Comhairleach Pháirc na Mara**

Tá na heagrais seo a leanas páirteach i gCoiste Comhairleach Pháirc na Mara.

- Bord Iascaigh Mhara
- Comhairle Chontae na Gaillimhe
- Foras na Mara
- GMIT
- Marine Development Team
- NUIG
- An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
- An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta
- Teagasc
- GRETB

## AGUISÍN 3

### **Buíochas**

Ba mhaith le hÚdarás na Gaeltachta buíochas a ghlacadh leis na daoine ar fad a thug cúnamh leis an bplean seo a ullmhú. Glacaimid ár mbuíochas le Gearóid De Faoite a d'fheidhmigh mar áisitheoir agus a bhailigh go leor den eolas agus Oifig Réigiúnach Chonnacht/Laighean de chuid an Údaráis a rinne comhordú air. Eagraíodh cruinnithe le coistí, grúpaí agus dreamanna éagsúla chun moltaí a fháil faoin bplean agus chun deis a thabhairt dóibh ionchur a bheith acu sa bplean. Tá buíochas ar leith ag dul do na heagrais/coistí pobail sa gceantar a chuir moltaí ar aghaidh, Forbairt Chonamara Láir Teo., Fóram do Phobal Iorras Aithneach, Coiste Jabanna Iorras Aithneach, Coiste Fostaíochta Charna/Chill Chiaráin.

Seo a leanas na grúpaí/eagrais ar rinneadh teagmháil leo mar chuid den phróiseas chomharliúcháin:

Forbairt Chonamara Láir Teo.

Coiste Jabanna Iorras Aithneach

Fóram do Phobal Iorras Aithneach

Coiste Fostaíochta Charna/Chill Chiaráin

Aoibheann Mc Cann & Delia Colohan CEO., Forbairt Tuaithe na Gaillimhe

Séamus Ó Concheannain, Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Carna

Eithne Nic Dhonnchadha, Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin

An Comhairleoir Contae, Seosamh Ó Cualáin

Mary Uí Chadhain, Comhalta Boird, Údarás na Gaeltachta

Seosamh Ó Laoi, Comhalta Boird, Údarás na Gaeltachta

Seán Ó Coisdealbha, Muintearas Teo.

Jim Keogh, Arramara Teo./Acadian Seaplants Ltd.

John Lowery, Bradán Beo Teo.

Brian Barrett, Comhairle Chontae na Gaillimhe

Aodhán Mac Cormaic, An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta

Brendan O'Malley, Forum Connemara

Muireann Ní Dhroighnéain, Ealaín na Gaeltachta

Feidhmeannaigh Údarás na Gaeltachta

Steve Ó Culáin, Cósta Chonamara & Árann

Lisa Nic Mhathúna, Cósta Chonamara & Árann

Barbara Bergin, Forum Connemara

Damien Mitchell, Comhairle Chontae na Gaillimhe

Séamus Breathnach, BIM





**Údarás na Gaeltachta,  
Na Forbacha,  
Co. na Gaillimhe,  
H91 TY22.  
[eolas@udaras.ie](mailto:eolas@udaras.ie)  
[www.udaras.ie](http://www.udaras.ie)**